

AN BUACHAILL A RAIBH AN SEANDUINE SA GCRANN AIGE.

52

Fear ar cailleadh a bhean agus gan aige ach aon mhac amháin, nuair a cailleadh í, phós sé aríst.

Bhí a hathair in einfeacht leis an mbean a phós sé an darna huair. Má bhí fhéin nuair a chruaidh an gasúr a bhí roimpí, sé a bhí dá chur ag fosaidheacht leis na beithidhigh sgathamh ón mbaile. Bhí sé lá ag dhul ann annsin, agus chuirí a bhriceasta agus a dhinnéar i gcomnaidhe leis, le go mbeadh sé ag ithe nuair a bheadh sí fhéin is na beithighe socruighthe. Casadh fear bocht ar an mbóthar dhó agus d'iarr sé déirce air ar son Dé agus Mhuire.

"Níl agam ach mo bhriceasta agus mo dhinnéar", adeir an gasúr "agus tiubhraidh mé an triomhaidh cuid duit-sé ar son Dé agus Mhuire". Rinne sé trí chuid dá chuid fataí agus thug sé an triomhadh cuid do.

53

Is gearr a bhí siubhalta, nuair a casadh fear bocht eile dhó a d'iarr déirce ar son Dé is Mhuire air.

"Muise ní raibh agam ach mo bhriceasta fhéin, is mo dhinnéar agus casadh fear bocht dom cheanna, a d'iarr déirce ar son Dé agus Mhuire. Thug mé an triomhadh cuid dó ar son Dé agus Mhuire agus déanfaidh mé dhá leith, leat-sa den chuid eile".

Is gearr a bhí siubhalta arís aige nuair a casadh fear bocht eile dó. D'iarr sé féin déirce ar son onóir Dé is Mhuire.

"Ní dá mhaidheamh ar Dhia ná ar Mhuire é. Tá dhá dhéirce tugta agam cheana, ach níl agam anois ach mo dhíol fhein le haghaidh mo dhinnéar. Tiubhraidh mé dhuit-sa an méad atá agam. Tá seans agam féin ar mo shuipéar".

"Céard ab fhearr leat féin", adeir an fear bocht leis.

"Gunna", adeir sé, "chuile rud a gcaithfinn urchar leis go marbhócann é".

54

"Céard eile?".

"Feadóg, aon duine a chloisfeadh a ceol go gcaithfeadh sé tosúighe ag damhsa".

"Céard eile?".

"Chuire uair a bhreathnóchadh mo leas-mháthair orm, le mí-chéat go gcaithfeadh sí bruim a leigean".

"Ní iarr tú grás trócaire, chor ar bith", adeir an fear bocht.

"Níor chuimnigh mé air", adeir an stóicín, "bhí an oiread deifre orm ag iarraidh na coda eile nár, chuimhnigh mé air".

"Tá seans eile a'd", adeir an fear bocht, le fail, le theacht uirthi

"Seo duit an gunna".

Thug sé dó an gunna.

"Seo duit an fheadóg".

Thug sé dó an fheadóg agus bheidh fhios a'd céard a dhéanfas do leas-mháthair nuair a breathnóchas sí le mí-chéat ort.

Bhí sgeitheach mhór ann san áit a mbíodh sé ag fosaidheacht agus bhíodh sí lán le éanacha mórán chuile mhóiméad sa lá.

55

Is gearr nuair a bhí teine déanta aige nó go raibh an sgeitheach lán le éanacha. Chaith sé urchar leob agus mharbhuigh sé cluiche mór acab.

Bhíodh sé ag marbhú éanacha mar sin chuile lá agus dá n-ithe. Ní raibh fhios ag a leas-mháthair cén chaoi a raibh sé ag reamhra, agus ag teacht aige fhéin, agus í fhéin ag laghdú ar na fataí. Dubhairt sí leis an seanfhear go gcaithfeadh sé imtheacht i néinfeacht leis go bhfágadh sé amach an ag bleaghan na mbó a bhí sé.

Chuaidh an seanfhear i néinfeacht leis agus nuair a bhí teine déanta ag an ngasúr bhí an sgeitheach lán de na h-éanacha. Rug sé ar a ghunna agus chaith sé urchar le na héanacha agus mharbhuigh sé cuid mhaith acab. "Ghabhfaidh tusa suas anois agus breith ortha sin agus beidh lá maith againn."

56

Chuaidh an sean-fhear suas ins an sgeitheach crainn agus nuair a fuair an stóicín i mbarr na sgeithighe é, tharraing sé chuige an fheadóg agus thosuigh sé ag ceol. Thosuigh an seanfhear ag damhsa sa sgeithigh, nár fhág sé folach ariamh ar a chraiceann, nach raibh stróicighthe agus an fheoil ó na cnámhna. Leig sé anuas as a' sgeithigh é.

Stop sé an ceol agus tháinig an seandúine anuas é fhéin. Ní fanacht le róstadh na n-éin a rinne sé, ach rinne sé a bhealach abhaile mar a d'fhéad sé. Nuair a tháinig sé isteach ag an inghean sa mbaile, agus chonaic sí an gathadh a bhí ar a h-athair ní raibh fhios aige céard a dhéanfadh sí. Nuair a tháinig an stóicín é fhéin abhaile agus gur shuidh sé ar leath-taobh na teine, ní go suailceach a bhreathnuigh sí air.

57

Is garr gur tháinig athair, an stóicín isteach agus beirt nó triúr strainséaraí i néinfeacht leis. Bhí an leas-mháthair ag freastal ortab, chó maith agus d'fhéadfadh sí. Níl aon uair dá mbreathnuigheadh sí go mí-chéatach ar an stóicín, a bhí ar an taobh eile den teine nach ndéanfadh sí meall de bhruim.

"Ó go gcuiridh Dia an t-ádh ort", adeir athair an stóicín, "suidh síos, an rud atá anocht ort, ní fhacamar ariamh órt é". Shuidh sí síos agus d'éirigh fear an tighe ina háit ag réidhteach a suipéir. Má shuidh fhéin nuair a bhreathnuigheadh sí ar an stóicín bhí an garla céadna uirthi i gcomhnaidhe. Nuair a bhí an suipéar réidh ag fear an tighe, agus shuideadar síos timcheall na teine aríst.

58

"An bhfeiceann tú an rath a chuir do mhac ar m'athair indiu", adeir sí.

"Ce'n chaoi ar chuir sé an chaoi sin air", adeir athair an stóicín.

"Tá gunna aige", adeir sise "ag marbhú éanacha agus nuair a tháinig na héanacha sa sgeithigh chaith sé urchar leob. Mharbhuigh sé go leór leór acab agus chuir sé m'athair-sa suas dá gcruinniú go mbeadh an-lá aca orthab. Nuair a fuair sé sa sgeithigh é, tá gléas ceoil aige agus tharraing sé chuige an gléas ceoil, agus choinnigh sé m'athair ag damsa sa sgeithigh ariamh gur chuir sé an chaoi sin air.

"Muise a bhfuil an gléas a'd a mhuirín?", adeir a athair leis'.

"Muise go deimhin níl, nó cá bhfuighinn é".

"Muise go deimhin tá", adeir an seanfhear "agus tá fhios a'm-sa go maith go bhfuil".

59

"Muise go gcuiridh Dia an t-adh ort, má tá cas port dhuinn uilig."

"Ó níl sé agam", adeir an stóicín. Thosuigh chaon duine de na strainséaraí ag iarraidh air phort a chasadh, nuair a chualadar go raibh an gléas ceoil aige.

Tharraing sé aige a fheadóigin bheag agus thosuigh sé ag ceol. Sé an sean-bhuachaill, a chaith a lá ar an sgeithigh, an chéad duine a bhí ar an urlár ag damsa. Ní raibh aon duine dá raibh sa teach nár bh'éigin dhó éirghe agus congnamh a thabhairt don tseandúine.

Chuile uair a thagadh a leas-mháthair thart sa seomra agus bhreathnuigheadh sí ar an bhfear a bhí ag ceol le a raibh de ghráin aice air, chaitheadh sí fhéin urchar i gcomhnaidhe. Choinnigh sé annsin iad go raibh siad tuirseach, is gur iarr a athair air éirghe as an gceol.